

Leabhrán Faisnéise Iarrthóra

Comórtas oscailte do cheapachán chuig post:

Ceannasaí Teicneolaíochta Faisnéise, Príomhoifigeach Cúnta

Láthair: 3 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.

Dáta Deiridh: 5.00pm Dé hAoine 23 Lúnasa 2024

Ríomhphost: aprecruit@hea.ie

Teagmháil: Mark Carroll

Uimhir Theileafóin: +353 (0)1 2317100.

Suíomh gréasáin: www.hea.ie, www.research.ie, www.springboardcourses.ie

Maidir leis an gComórtas:

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas ag earcú do ról mar Cheannasaí Teicneolaíochta Faisnéise (TF), Príomhoifigeach Cúnta. Ag deireadh an phróisis roghnúcháin, cuirtear Painéal iarrthóirí cáilithe le chéile óna bhféadfaí folúntais a líonadh. Ní dearbhú go gceapfar duine chuig post atá ina cháiliú chuig painéal agus ina chur air.

Maidir leis an Údarás um Ard-Oideachas:

Is comhlacht reachtúil faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é an tÚdarás um Ard-Oideachas. Treoraíonn sé forbairt straitéiseach an chórais ardoideachais agus taighde. Údarás maoinithe reachtúil is ea an tÚdarás um Ard-Oideachas d'ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta agus roinnt coláistí eile sainithe de chuid na hÉireann a sholáthraíonn maoiniú bliantúil c. €1.7bn. Tá sé de fhreagracht air maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus cuntasacht éifeachtach institiúidí ardoideachais a mhaoiníonn an tÚdarás um Ard-Oideachas. Tá ról lárnach ceannaireachta ag an Údarás um Ard-Oideachas chun athrú a thiomáint sa chóras ardoideachais agus feidhmíocht láidir a chinntiú feadh institiúidí.

Feidhmíonn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) agus an *National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning (Forum)* faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá sainordú ag an IRC chun pobal taighde beoga agus cruthaitheach a chumasú agus a chothú. Tá an *Forum* freagrach as treoir agus comhairle a thabhairt ar theagasc agus foghlaim in ardoideachas na hÉireann a bhreisiú. Ritheadh reachtaíocht ina ndéantar foráil do bhunú gníomhaireachta nua Taighde Éireann trí chónascadh fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Sannfar foireann atá fostaithe san IRC don ghníomhaireacht nua tar éis ordú sainithe a eiseoidh an tAire.

Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an Údarás um Ard-Oideachas, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus an *Teaching and Learning Forum* ar fáil ar a suíomhanna gréasáin faoi seach ag www.hea.ie, www.research.ie agus www.teachingandlearning.ie.

Is féidir leis an Údarás um Ard-Oideachas gairm shásúil agus éagsúil a thabhairt d'iarrthóirí oiriúnacha, le téarmaí agus coinníollacha iomaíocha.

Tá Plean Corparáideach an Údaráis um Ard-Oideachas don tréimhse 2023-26 ar fáil [anseo](#)

Tá Acht an Údaráis um Ard-Oideachas arna rith ag Tithe an Oireachtais ar fáil [anseo](#)

Comhthéacs don phost mar Cheannasaí Teicneolaíochta Faisnéise

Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas ag iarraidh post buan ar conradh a líonadh. Ina theannta sin, táimid ag iarraidh painéal a chruthú a bhunófar ó na hagallaimh, a bheidh i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain i gcás go dtiocfadh folúntas aníos le linn fhad an phainéil. Beidh ról lárnach ag an sealbhóir poist i gclaochlú digiteach an Údaráis um Ard-Oideachas chomh maith le treorú maidir le slándáil TF laistigh den eagraíocht. Mar chuid den chlaochlú digiteach seo tá na cuir chun feidhme córais a leanas beartaithe don 36 mhí amach romhainn:

- Uasghrádú ar Bhonneagar TFC i gcomhthéacs uasghrádú an fhoirgnimh
- Córas bainistíochta agus sreabhadh oibre deontais

- Bunachar sonraí foirne institiúidí ardoideachais
- Comhéadan sonraí institiúidí ardoideachais an Údaráis um Ard-Oideachas
- Córas Faireacháin agus Tuairiscithe Aonad na gClár Caipitil

Cur síos ar an Ról – Ceannasaí Teicneolaíochta Faisnéise

Ag tuairisciú don Cheannasaí Gnóthaí Corparáideacha, beidh an sealbhóir poist freagrach as córais Chorparáideacha TF an Údaráis um Ard-Oideachas a bhainistiú chomh maith le comhairle a thabhairt ar fhorbairt córais TF an Údaráis um Ard-Oideachas mar a leagtar amach thuas. Príomhfhreagracht a bheidh ann a chinntiú go bhfuil córais láidre slándála TF i bhfeidhm ag an Údarás um Ard-Oideachas.

Treoróidh an sealbhóir poist foireann bheag TF (2 HEO agus 1 EO faoi láthair).

Príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha eile iad an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a threoraíonn an Claochlú Digiteach, an tOifigeach um Chosaint Sonraí, an Bainisteoir Sinsearach Bunachar Sonraí i Staidreamh agus an Bainisteoir Sinsearach (Breisiú / Nuálaíocht Dhigiteach) ag obair sa *National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning*.

Príomhdhualgais:

- Straitéis dhigiteach TFC an Údaráis um Ard-Oideachas a fhorbairt agus a chinntiú go mbíonn beartais agus nósanna imeachta TF cothrom le dáta.
- Oibriú le baill den Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí maidir le córais nua TFC a sheachadadh mar a leagtar amach thuas.
- Cinntiú go bhfeidhmíonn córais TFC an Údaráis um Ard-Oideachas chuig na caighdeáin slándála is airde, ag cloí leis na creata slándála ábhartha agus ag cothú seasamh slándála an Údaráis um Ard-Oideachas.
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar eastát bonneagair an Údaráis um Ard-Oideachas lena n-áirítear a sheirbhísí LAN, teileafónaíochta, agus comhdhála AV.
- Cinntigh go mbeidh eispéireas TFC úsáideora deiridh ar ardchaighdeán ag foireann an Údaráis um Ard-Oideachas.
- Go leor tionscadal agus na buiséid lena mbaineann a dhearadh, a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú.
- Foireann TFC HEC a threorú agus a fhorbairt.
- Bainistiú Díoltóra agus Conartha Tríú Páirtí
- Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara inmheánach agus seachtrach ag déanamh ionadaíochta thar ceann an Údaráis um Ard-Oideachas le Ranna Rialtais, Institiúidí Ardoideachais agus tríú páirtithe ábhartha.
- Aon dualgais eile iomchuí don phost a d'fhéadfadh an Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha nó an Príomhfheidhmeannach a shannadh duit ó am go chéile.

Bunriachtanais:

- Cáilíocht leibhéal 8 ar a laghad san Eolaíocht Ríomhaireachta, Innealtóireacht, nó a chomhionann sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Sé bliana taithí oibre ar a laghad i ról TF a raibh ceithre bliana díobh ar a laghad i ról bainistíochta TF.
- Cuntas teiste cruthaithe i mbainistiú tionscadail agus cláir
- Taithí i soláthar agus cur i bhfeidhm córais nua TF.

- Taithí i slándáil agus rialachas TF lena n-áirítear tuiscint mhaith ar bhainistiú rioscaí a bhaineann le TF.
- Taithí ag forbairt straitéis TFC agus beartais úsáideora TF.
- Taithí ag rith bonneagar néalbhunaithe lena n-áirítear Microsoft Azure agus SharePoint/MS Teams.
- Taithí le córais um bainistíocht ionsaí dromchla agus um chosaint bagartha digití.
- Taithí i gcórais bainistíochta AV agus críochphointe.
- Taithí i modheolaíochta um Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste.

Riachtanais Inmhianaithe

- Taithí i gcosaint sonraí.

Príomhinniúlachtaí

- Sárscileanna sa teicneolaíocht faisnéise go háirithe i réimse fhorbairt chórais TFC
- Sárscileanna anailíse agus cinnteoireachta
- Scileanna láidre bainistíochta tionscadail agus cláir le béim ar sheachadadh torthaí
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide lena n-áirítear scileanna bainistíochta díoltóra agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara láidre.
- Díriú ar luach ar airgead a bhaint amach chun córais TF nua a sheachadadh.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le riachtanais an chreata inniúlachta ag grád APO féach an nasc seo a leanas:

[Inniúlachtaí an Phríomhoifigigh Chúnta \(publicjobs.ie\)](https://publicjobs.ie)

Téarmaí an Phoist:

1. **Pá:** Seo a leanas an scála tuarastail caighdeánach do Phríomhoifigeach Cúnta don phost seo (rátaí i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2024):

PPC - €78,303, €81,187, €84,111, €87,044, €89,973, €91,662, €94,617 (LSI 1) €97,583 (LSI 2)

Scála PPC (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) (d'oifigh ar státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha é/í a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh nó ar iontrálaí nua é/í sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí agus a bhfuil ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach á déanamh aige/aici).

D'fhéadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm, más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha é/í a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995.

D'fhéadfaí incrimintí a bhronnadh faoi réir sheirbhís shásúil agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne.

D'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Déanfar an ceapachán ar an scála tuarastail ag pointe i gcomhréir le Beartas Pá reatha an Rialtais. Tosóidh iontrálaithe nua sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, mar a shainítear i gCiorclán 18/2010, ar an **gcéad** phointe den scála tuarastail. D'fhéadfadh feidhm a bheith le pá agus coinníollacha éagsúla, más státseirbhíseach nó searbhónta poiblí reatha atá sa té a cheapfar, **díreach** roimh an gceapachán.

2. **Saoire Bhliantúil:** Beidh Saoire Bhliantúil 30 lá oibre i gceist. Níl saoire phoiblí san áireamh sa tsaoire seo.
3. **Uaireanta Tinrimh:** Beidh na huaireanta oibre i gcomhréir leis na socruithe caighdeánacha don Údarás um Ard-Oideachas agus beidh sin cothrom le 35 uair (glan ó shosanna scíthe) in aghaidh na seachtaine. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as tinreamh breise mar go gcumhdaíonn an ráta luach saothair aon dliteanas as láithreach bhreise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht aníos ó am go ham. Tairgeann an tÚdarás um Ard-Oideachas socruithe oibre solúbtha.
4. **Láthair:** Tá an post seo lonnaithe faoi láthair ag 3 Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath. Tá beartas hibrídeach i bhfeidhm chun obair chumaisc a éascú.
5. **Tionacht:** Tá ceapachán chuig an bpost faoi réir tréimhse phromhaidh nach faide ná 11 mhí.
6. **Dualgais:** Beifear ag súil go ndéanfaidh an té a cheapfar gach gníomh, dualgas agus oibleagáid de réir mar is cuí is iomchuí leis an bpost seo (a d'fhéadfaí a athbhreithniú ó am go ham).
7. **Fostaíocht Sheachtrach:** Is post lánaimseartha atá anseo agus is gá don té a cheapfar rannpháirtíocht a sheachaint i bhfostaíocht/leasanna gnó seachtracha atá i gcoinbhleacht nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le gnó an Údaráis um Ardoideachas. Is gá soiléiriú a lorg ón mbainistíocht i gcás ina bhfuil aon amhras.
8. **Saoire Bhreiteachta:** D'fhéadfaí saoire bhreiteachta le pá iomlán a cheadú ag lánrogha an Údaráis um Ard-Oideachas i gcomhréir le nósanna imeachta agus coinníollacha bunaithe don tseirbhís phoiblí i gcoitinne.
9. **Scor agus Aoisliúntas:** Tairgfear don té a cheapfar téarmaí pinsean seirbhíse poiblí agus coinníollacha aois scoir de réir socruithe pinsin san Údarás um Ard-Oideachas ag brath ar stádas an té a cheapfar:
 - a) Go ginearálta, beidh duine aonair nach bhfuil stair inphinsin Seirbhíse Poiblí aige/aici sna 26 seachtain ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) a thosaigh an 1 Eanáir 2013 (dá dtagraíonn Alt 10 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012).
Fanfaidh iarrthóir atá ar iasacht mar bhall de scéim pinsin an fhostóra óna bhfuil siad ar iasacht, agus bunófar a luach saothair inphinsin ar a g(h)rád substainteach .i. an grád ag a bhfuil an duine aonair fostaithe san eagraíocht óna bhfuil sé/sí ar iasacht.
 - b) Beidh duine aonair atá ina b(h)all de "scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana" arna fhorléiriú ag Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht sa Scéim Aonair ian b(h)all de Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis um Ard-Oideachas agus Scéim Céilí agus Leanaí lena mBaineann.
 - c) Ag an am a dhéantar tairiscint cheapacháin, cinnfidh an tÚdarás um Ard-Oideachas, i sainchomhairliúchán leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus

Athchóirithe, más gá, i gcomhthéacs stair fostaíocht an cheapaí sa tSeirbhís Phoiblí (agus/nó eile), agus cinneadh sé na téarmaí agus coinníollacha pinsin cuí le cur i bhfeidhm ar feadh fad an cheapacháin. Beidh ar na daoine a cheapfar a stair seirbhíse poiblí iomlán a nochtadh. Tabharfar sonraí na bhforálacha aoisliúntais iomchuí uile nuair a chinnfear stádas an cheapaí.

- d) Beidh aois scoir faoi réir fhoráil ábhartha na scéime aoisliúntais agus fhorálacha eile a leagtar amach in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 agus in Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018.
- e) Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:
- **Fabhrú Pinsin:** Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí reatha amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain sin i bhfeidhm, a bhfuil foráil ina leith san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, an 28 Iúil 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.
 - **Lacáiste Pinsin:** Chuir an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 síneadh le lacáiste pinsin ionas go mbíonn pinsean seirbhíse poiblí duine ar scor faoi dhliteanas lacáiste má théitear i bhfostaíocht seirbhíse poiblí athuair, fiú i gcás ina bhfuil an fhostaíocht nua i réimse éagsúil den tseirbhís phoiblí. Más rud é go raibh an cheapaí fostaíthe cheana féin sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) nó LSS/SIS Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais, mar a léirítear thíos), scoirfidh teideal chun íocaíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a bheidh an cheapaí i dteideal é a fháil sa todhcháí a dhéanamh amach.
 - **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, Ciorclán 102/2007:** Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den chiorclán iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é in aon chail i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).
 - **Scor de bharr Easláinte:** Sa chás gur scoir duine ó chomhlacht Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí mar gheall ar easláinte, tabhair faoi deara go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar pinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte laistigh de scéim pinsean na fostaíochta sin.
10. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean: Tá an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le saincheistean aoisliúntais na seirbhíse poiblí, féach an suíomh idirlín seo a leanas: <http://per.gov.ie/pensions>.

Critéir Incháilitheachta:

Cinntigh go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas seo mar a leagtar amach sula ndéantar iarratas.

Is gá go mbeadh iarrthóirí údaraithe le hobair sa Stát tráth an iarratais agus do théarma an róil a fógraíodh.

Ní mór d'iarrthóirí, faoin dáta a tháirgtear an post dó/di:

1. Bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Ioslainn, Lichtinstéin agus an Iorua san LEE; nó
2. Bheith ina s(h)aoránach den RA; nó
3. Bheith ina s(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
4. Bheith ina s(h)aoránach de thír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach a bhfuil céile aige/aici atá ina s(h)aoránach de chuid LEE nó na hEilvéise nó leanbh aige/aici le duine atá ina s(h)aoránach de chuid LEE nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
5. Bheith ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon duine de theaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
6. Bheith ina s(h)aoránach de thír nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ach atá ina t(h)uismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina s(h)aoránach agus ina c(h)ónaí i mballstáit de chuid LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

Ní mheasfar iarratais ó iarrthóirí nach dtagann faoi chatagóirí 1-6 agus coimeádann an tÚdarás um Ard-Oideachas an ceart chun cruthúnas a iarradh ar údarú chun obair sa Stát roimh an agallamh agus/nó glacadh.

Critéir Incháilitheachta Eile:

1. **An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):** Is coinníoll de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc, faoin Scéim sin, ar dhaoine a scoir cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, níl cead ag daoine a scoir agus atá sa chatagóir sin cur isteach ar an bpost seo.
2. **Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanáí (7/2010):** Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírthe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid na scéime LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tseirbhís poiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a mhaoinear go hiomlán nó go formhór as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana an toirmeasc agus, ina dhiaidh sin, beidh ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun aon duine a athfhostú. Níl daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin cáilithe le cur isteach ar an gcomórtas seo.
3. **Comhaontú Comhchoiteann – Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí:** Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann

(ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifig Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíochta a fhoirceannadh. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh dhuine a athfhostú. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta) agus ní mór toiliú an Aire a fháil sula bhfostóidh aon chomhlacht seirbhíse poiblí eile iad.

- 4. Athrú ar na Critéir Incháilitheachta:** Éilítear ar iarrthóirí fógra a thabhairt don Údarás um Ard-Oideachas láithreach má bhíonn aon athrú ina n-incháilitheacht le hoibriú sa Stát ag céim ar bith sa phróiseas iarratais nó má chuirtear ar Phainéal iad, le linn na tréimhse ar a bhfuil siad ar an bPainéal sin.
- 5.** Coimeádann an tÚdarás um Ard-Oideachas an ceart chun iarrthóir a bhaint ón bpróiseas iarratais nó aon Phainéal earcaíochta ábhartha eile mura mbeidh údarás dlíthiúil ag an iarrthóir a thuilleadh le hoibriú sa Stát.

Próiseas an Chomórtais

Conas Iarratas a Dhéanamh:

Ba cheart iarratas a dhéanamh trí **CV suas chun dáta agus litir chumhdaigh ina leagtar amach go soiléir d'oiriúnacht don ról** a sheoladh isteach. Seol isteach iad chuig an Uasal Mark Carroll ag aprecruit@hea.ie tráth nach déanaí ná 5pm Dé hAoine an **23 Lúnasa 2024**. Ní ghlacfar le hiarratas tar éis an spriocdháta.

Áirigh an méid a leanas sa litir chumhdaigh:

Gan dul thar 1000 focal, tabhair breac-chuntas ar do thaithí agus scileanna sna trí réimse a leanas:

1. Do ról i bhforbairt agus cur i bhfeidhm córais nua TF
2. Do ról i mbreisiú slándáil TFC i do ról reatha nó i ról roimhe seo.
3. Do ról i bhforbairt straitéis TFC agus/nó forbairt beartais TFC.

Iarrthóirí faoi mhíchumas:

Má tá míchumas ort nó má tá oiriúntais réasúnta a teastáil uair le linn an phróisis roghnúcháin, molaimid go láidir duit é seo a roinnt linn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht a theastaíonn uait. Tagraíonn oiriúntas réasúnta inár bpróiseas roghnúcháin do choigeartuithe agus athruithe praiticiúla a chuirfeadh ar chumas an iarrthóra deis chomhionann a bheith acu don chomórtas seo.

Áirítear ar shamplaí de choigeartuithe a chuirimid ar fáil úsáid na teicneolaíochta cúnata, am breise, scríobhaithe, agus/nó léitheoirí nó raon eile oiriúntas. Bí muiníneach nach gcuirfeadh isteach ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnúcháin mar gheall ar mhíchumas a bheith ort nó coigeartuithe a bheith ag teastáil uait; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má nochtann tú do mhíchumas nó do riachtanais dúinn. Coinneofar do mhíchumas agus/nó choigeartuithe iomlán faoi rún.

Más mian leat labhairt faoi d'iarratas nó aon oiriúntas eile a rachadh chun tairbhe duit le linn an phróisis earcaíochta, déan teagmháil lenár nOifigeach Idirchaidrimh Míchumais, Liam McCaffrey, ag dlo@hea.ie

Má éiríonn leat, ní chuirfear nochtadh míchumais don chéim seo den phróiseas ar aghaidh chuig an rannóg fostaithe mura n-iarrann tú orainn sin a dhéanamh.

Próiseas Roghnúcháin:

D'fhéadfaí gearrliostú iarrthóirí ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratais agus na nithe a leanas a bheith i gceist sa roghnúchán:

- Agallamh, ar an láthair in oifigí an Údaráis um Ard-Oideachas nó trí MS Teams/Skype/Zoom
- Moltaí sásúla (ní dhéanfar teagmháil le moltóirí gan cead a fháil i dtosach ón iarrthóir)

Coimeádann an tÚdarás um Ard-Oideachas an ceart chun iarraidh ar iarrthóirí freastal ar an dara hagallamh.

Gearrliostú:

De ghnáth, bíonn líon na n-iarratas a fhaightear níos airde ná an líon a theastaíonn chun an post/na poist reatha agus amach anseo a líonadh. Bíodh agus go bhféadfadh iarrthóir na riachtanais incháilithe don chomórtas a chomhlíonadh, má bhíonn líon na ndaoine a chuireann isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach aon duine, d'fhéadfadh an tÚdarás um Ard-Oideachas cinneadh a dhéanamh nach nglaofar ach líon áirithe chun agallaimh. Chuige sin, d'fhéadfadh an tÚdarás um Ard-Oideachas foráil a dhéanamh do phróiseas gearrliostaithe a úsáid chun dream a roghnú le haghaidh agallaimh, arbh iad na hiarratasóirí is mó atá oiriúnach don phost/do na poist, ar bhonn scrúdú ar na hiarratais. Scrúdóidh bord saineolaithe iniúchadh ar na hiarratais i gcoinne critéar réamh-mheasta, bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé seo le rá nach bhfuil iarrthóirí eile oiriúnach ná nach mbeidís in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí gur cosúil, bunaithe ar a n-iarratais, go bhfuil cáilíochtaí níos fearr agus/nó níos mó taithí ábhartha acu. Dá réir sin, is chun do leasa féin é tuairisc mhionsonraithe chruinn a thabhairt i dtaobh do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas.

Painéal:

Ag deireadh an phróisis roghnúcháin, cuirtear Painéal iarrthóirí cáilithe le chéile óna bhféadfaí folúntais a líonadh. Ní dearbhú go gceapfar duine chuig post atá ina cháiliú chuig painéal agus ina chur air. Fanfaidh an painéal i bhfeidhm ar feadh tréimhse dhá bhliain ó dháta na n-agallamh deiridh. Ní chuirfear ach iarrthóirí a bhfuil cead oibre bailí acu ar phainéal agus coimeádann an tÚdarás um Ard-Oideachas an ceart chun iarrthóirí a bhaint d'aon phainéal mura bhfuil cead acu a thuilleadh le hoibriú sa Stát. Coimeádann an tÚdarás um Ard-Oideachas an ceart chun aon iarrthóirí a bhaint de phainéal má dhiúltaíonn siad do phost buan.

Rúndacht:

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, arna leasú, pléifear le hiarratais faoi lándiscréid.

Imréiteach Slándála:

D'fhéadfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i ndáil le daoine aonair a bhreithnítear le ceapadh. D'fhéadfaí a éileamh ar an iarrthóir foirm Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfead an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a raibh sé/sí ina c(h)ónaí iontu. Mura n-éiríonn leat, scríosfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas an fhaisnéis seo. Má bhíonn breithniú á dhéanamh ar an iarrthóir ina dhiaidh sin do phost eile, beidh orthu an fhaisnéis sin a sholáthar arís.

Oibleagáidí Iarrthóirí:

Ba chóir go dtabharfadh iarrthóirí faoi deara go ndícháileofar iad má dhéanann siad stocaireacht agus go n-eisiafar ón bpróiseas iad.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama.
- aon duine a chanbhasáil, trí aslú nó gan aslú.
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas.

Ciontach i gcion atá duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú. Tá duine a fhaightear ciontach i gcoir faoi dhliteanas fíneáil a íoc/nó príosúnachta.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a ciontaíodh i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- sa chás nár ceapadh é chuig post, beidh sé dícháilithe mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh é tar éis an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé an ceapachán sin.

Glacadh leis go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar:

Aon iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar an agallamh nó ar scrúdú eile nuair a cheanglaíonn agus mar a gceanglaíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas amhlaidh, nó nach dtugann cibé fianaise a bheidh ag teastáil ón Údarás um Ard-Oideachas, nuair a iarrtar sin orthu, maidir le haon saincheist a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon cheart chun breithnithe acu feasta.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí:

Is é is aidhm dúinn seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir. Más rud é go bhfuil tú míshásta le gné ar bith den tseirbhís a fhaigheann tú uainn ar chúis ar bith, mholfaimis duit

aird an aonaid nó an bhaill foirne lena mbaineann a tharraingt ar an bhfíric sin. Is rud tábhachtach é sin mar go gcinntíonn sé go bhfuilimid eolach ar an bhfadhb agus in ann na bearta cuí a dhéanamh lena réiteach. Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas i scríbhinn.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR):

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí ann faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE. Nuair a fhaightear iarratas uait, cruthaímid taifead faoi d'ainmse agus cuirtear cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú isteach sa taifead sin. Ní úsáidtear an taifead pearsanta ach chun d'iarrthóireacht a phróiseáil amháin agus má éiríonn leat coinneoidh an tÚdarás um Ard-Oideachas faisnéis áirithe. Coinnítear faisnéis den sórt sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sa GDPR. Chun iarraidh a dhéanamh chun rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta, seol d'iarraidh i scríbhinn chuig: Acmhainní Daonna, an tÚdarás um Ard-Oideachas, 3 Foirgnimh Shíol Bhroin, Ascaill Crampton, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, ag cinntiú go ndéanann tú an cur síos is mine is féidir ar na taifid atá tú ag iarraidh le go mbeidh sé ar ár gcumas an taifead cuí a shainithint. Nó sin, féadfaidh tú ríomhphost a chur chuig dataprotection@hea.ie nó cuairt a thabhairt ar https://hea.ie/about-us/data_protection/.

Iarratais ar Oiriúntais Réasúnta

Céard is féidir leat a bheith ag súil leis uainn:

- Go gcinnteimid, de réir Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach do Dhaoine faoi Mhíchumas an Rialtais (2015-2024) go mbíonn ár bpróisis earcaíochta inrochtana feadh an raon míchumas lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas fisiciúil nó céadfach, iad siúd ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte, iad siúd a fhaigheann míchumas, iad siúd faoi mhíchumas meabhrach agus iad siúd le huathachas.
- Go ndéanfaimid, de réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, gach atá réasúnach chun freastal ar riachtanais duine faoi mhíchumas.
- Go n-iarrfaimid, nuair a dhéanann tú iarratas ar phost, an dteastaíonn oiriúntais réasúnacha uait i ndáil leis an bpróiseas roghnúcháin.
- Má thugann tú le fios gur mhaith leat oiriúntais réasúnacha a dhéanamh, iarrfaimid ort tuarascáil leighis/síceolaí a chur isteach. Is é is cuspóir leis an tuarascáil seo faisnéis a thabhairt dúinn chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúntais réasúnacha. Próiseálfar an fhaisnéis uile a thugtar de réir ár Ráiteas Príobháideachais Iarrthóra.
- Nuair atá cinneadh á dhéanamh againn faoi na hoiriúntais le déanamh le linn an phróisis iomaíoch, déanfaimid breith ar gach iarratas ar oiriúntais réasúnacha ar bhonn cás ar chás.
- Go ndéanfaimid cumarsáid leat maidir leis na hoiriúntais a iarradh roimh an bpróiseas roghnúcháin.
- Go gcoinneimid rúnda aon fhaisnéis a thugann tú dúinn mar chuid den phróiseas chun cinneadh a dhéanamh ar oiriúntais réasúnacha. Ní chuirfear aon bhainistíocht líne féideartha ar an eolas faoi do mhíchumas, mura n-iarrann tú orainn an fhaisnéis sin a thabhairt dóibh.
- Déanfaimid ár ndícheall caitheamh leat go cúirtéiseach, le dínit agus meas.

An rud a bhfuilimid ag súil leis uait:

- Táimid ag súil go dtabharfaidh tú le fios dúinn gur mhaith leat oiriúntais réasúnacha a dhéanamh nuair a chomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais maidir le ról.
- Táimid ag súil go gcomhoibreoidh tú linn go hiomlán chun oiriúntais réasúnacha a chur ar fáil duit.
- Iarraimid go ndéanfaidh tú gach iarracht do thuarascáil leighis/síceolaí a sheoladh ar ais faoin dáta sonraithe.
- Ba mhór againn dá gcaithfeá linn go cúirtéiseach, le dínit agus meas.

Ceisteanna:

Má bhíonn aon cheist agat i dtaca le hiarratas um shocruithe réasúnta, déan teagmháil linn ag dlo@hea.ie.